II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1367 ÓN gCOMHAIRLE

an 1 Deireadh Fómhair 2020

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) An 23 Nollaig 2019, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, droichead iarnróid ar Chaolas Kerch ar oscailt, agus leis sin, cuireadh i bhfeidhm an tionscadal níos leithne lena nasctar bonneagair iarnróid na Rúise le bonneagair iarnróid Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach.

(3) Ní aithníonn an tAontas ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol a rinne Cónaidhm na Rúise. Is é is aidhm do thógáil an droichid agus na rianta iarnróid a nascann é leis an mbonneagar iompair atá ann cheana féin rialú Chónaidhm na Rúise ar an gCrimé agus ar Sevastopol, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach orthu, a chomhdhlúthú agus leithinis na hÚcráine a leithlisiú a thuilleadh.

(4) Measann an Chomhairle gur cheart ceithre eintiteas agus beirt aonair a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 iad mar gheall ar an ról atá acu i ndearadh, i dtógáil nó in úsáid an bhonneagair iarnróid lena nasctar an Rúis agus leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear na daoine agus na heintitis a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

([1]) IO L 78, 17.3.2014 lch. 6.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"191.	Alexander Nikolaevich GANOV (Александр Николаевич ГАНОВ)	Inscne: fireann Dáta breithe: 24.10.1974 Áit bhreithe: Voronezh (Cónaidhm na Rúise)	Ard-Stiúrthóir ar JSC TC Grand Service Express, a oibríonn seirbhís traenach idir an Rúis agus leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tacaíonn sé le comhdhlúthú leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhaineann an bonn a thuilleadh d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	1.10.2020
192.	Leonid Kronidovich RYZHENKIN (Леонид Кронидович РЫЖЕНЬКИН)	Inscne: fireann Dáta breithe: 10.11.1967 Áit bhreithe: ní fios Uimhir an phas: 722706177 (in 2015)	Leas-ardstiúrthóir ar thionscadail bhonneagair ag Stroigazmontazh (SGM), cuideachta atá i mbun maoirseachta ó 2015 ar thógáil an droichid ar Chaolas Kerch (lena n-áirítear an chuid sin den droichead ar iarnród é) a nascann an Rúis agus leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tacaíonn sé le comhdhlúthú leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhaineann an bonn a thuilleadh d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	1.10.2020

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
48.	An chuideachta chomhstoic "Lenpromtransproyekt" (AO "Ленпромтранспроект")	Seoladh: Kondrat'yevskiy Prospekt, 15, building 5/1, 223 Cathair Pheadair 195197, Cónaidhm na Rúise Uimhir aitheantais chlárúcháin (OGRN no.): 1027809210054 Uimhir aitheantais chánach (INN no.) 7825064262 Suíomh gréasáin: https://lptp.ru/ seoladh ríomhphoist: ptp@sp.ru	Bhí lámh ag an gcuideachta chomhstoic Lenpromtransproyekt sa tionscadal lenar nascadh bonneagar traenach leithinis na Crimé (a ionghabhadh go neamhdhleathach) le bonneagar traenach na Rúise; is í an chuideachta sin a dhear an ráille traenach chomh fada leis an droichead a cuireadh ar Chaolas Kerch agus a d'fheidhmigh mar mhaoirseoir ailtireachta agus an droichead á thógáil idir an Rúis agus leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tá an chuideachta sin ag tacú le comhdhlúthú leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhaineann an bonn a thuilleadh d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	1.10.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
49.	An chuideachta chomhstoic “The Berkakit-Tommot-Yakutsk Railway Line’s Construction Directorate” (АО “Дирекция по строительству железной дороги Беркакит-Томмот-Якутск”)	Seoladh: Mayakovskogo St. 14, city of Aldan 678900, Aldansky District, Cónaidhm na Rúise Uimhir aitheantais chlárúcháin (OGRN no.): 1121402000213 Uimhir aitheantais chánach (INN no.) 1402015986 Suíomh gréasáin: https://dsgd.ru/ seoladh ríomhphoist: info@dsgd.ru; gmn@dsgd.ru	Bhí lámh ag an gcuideachta chomhstoic The Berkakit-Tommot-Yakutsk Railway Line’s Construction Directorate sa tionscadal lenar nascadh bonneagar traenach leithinis na Crimé (a ionghabhadh go neamhdhleathach) le bonneagar traenach na Rúise; chuir an chuideachta sin seirbhísí innealtóireachta ar fáil agus an ráille traenach á thógáil chomh fada leis an droichead a tógadh idir an Rúis agus leithinis na Crimé (a ionghabhadh go neamhdhleathach). Dá bhrí sin, tá an chuideachta sin ag tacú le comhdhlúthú leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhaineann an bonn a thuilleadh d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	1.10.2020
50.	Federal State Unitary Enterprise “Crimea Railway” (Федеральное государственное унитарное предприятие “Крымская железная дорога”)	Seoladh: 34 Pavlenko St., Simferopol 95006, an Úcráin Uimhir aitheantais chlárúcháin (OGRN no.): 1159102022738 Uimhir aitheantais chánach (INN no.) 9102157783 Suíomh gréasáin: https://crimearw.ru Seoladh ríomhphoist: ngkkjd@mail.ru	Bhí lámh ag Federal State Unitary Enterprise Crimea Railway sa tionscadal lenar nascadh bonneagar traenach leithinis na Crimé (a ionghabhadh go neamhdhleathach) le bonneagar traenach na Rúise; is í an chuideachta sin úinéir agus oibritheoir na ráillí ráille traenach atá ar an droichead a cuireadh ar Chaolas Kerch a nascann an Rúis le leithinis na Crimé (a ionghabhadh go neamhdhleathach). Dá bhrí sin, tá an chuideachta sin ag tacú le comhdhlúthú leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhaineann an bonn a thuilleadh d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	1.10.2020
51.	First Crimean Insurance Company (Крымская первая страховая компания)	Seoladh: Butakova Ln, 4, Sevastopol, an Úcráin Uimhir aitheantais chlárúcháin (OGRN no.): 1149102007933 Uimhir aitheantais chánach (INN no.) 9102006047 Suíomh gréasáin: https://kpsk-ins.ru/about Seoladh ríomhphoist: info@kspk-ins.ru	Bhí lámh ag First Crimean Insurance Company sa tionscadal lenar nascadh bonneagar traenach leithinis na Crimé (a ionghabhadh go neamhdhleathach) le bonneagar traenach na Rúise; is í a chuir árachas ar fáil agus an droichead á thógáil ar Chaolas Kerch. Dá bhrí sin, tá an chuideachta sin ag tacú le comhdhlúthú leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhaineann an bonn a thuilleadh d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	1.10.2020”.